Loch nEathach

Cuid 1

Loch nEathach

Cuid 1

Is é Loch nEathach an loch is mó in Éirinn. Tá sé suite thart faoi dheich míle siar ó Bhéal Feirste. Is aisteach an t-ainm é. Cad é mar atá sé go bhfuil ainm mar sin ar an áit? Tá siad ann a deir nach raibh loch ann ar chor ar bith i bhfad ó shin. Deirtear gur mar seo a tháinig sé.

Bhí prionsa ann i gCúige Mumhan. Eatha an t-ainm a bhí air. Ní raibh sé ar dhóigh ar bith deas. Drochdhuine amach a bhí ann. Sa deireadh tháinig na daoine le chéile agus cuireadh an ruaig air.

Chuaigh sé ó thuaidh lena mhuintir. Bhain siad abhainn na Bóinne amach agus shocraigh siad go gcuirfeadh siad fúthu ansin an oíche sin. Ba le hAonghas na Bóinne an talamh sin agus ní raibh sé iontach sásta. Tháinig sé a fhad leo agus dúirt sé sin leo. Dhiúltaigh siad imeacht nó dúirt siad leis go raibh siad tuirseach. Ní raibh Aonghas na Bóinne sásta go fóill. Mar gheall ar an tuirse a bhí orthu chuaigh siad a luí na hoíche tháinig Aonghas agus mharaigh sé a gcuid capall. Nuair a mhúscail Eatha agus a mhuintir ar maidin chonaic siad go raibh a gcapaill marbh, chan sásta a bhí siad. Ba ghairid gur tháinig Aonghas agus na Bóinne ionsorthu.

“Mise a mharaigh bhur gcapaill aréir, agus má bhíonn sibh anseo anocht maróidh mé sibhse,” arsa Aonghas na Bóinne.

“Ní thig linn imeacht anois ar chor ar bith,” arsa Eatha. Ní raibh an fhadhb sin acu i bhfad. D’imigh Aonghas agus tháinig sé ar ais agus capall ollmhór aige. Bhí an capall seo millteanach mór ar fad. Bhí siad ábalta a gcuid bagáiste uilig a chur ar an chapall mhór seo. Sular imigh siad labhair Aonghas leo.

“Is capall draíochta é sin. Má stadann sé ar chor ar bith beidh sibh uilig i mbaol. Bígí cúramach agus ná déanaigí dearmad ar m’fhocail.”

D’imigh Eatha agus a mhuintir ó thuaidh. Shiúil siad leo ar feadh an lae agus stad ná staonadh ní dhearna siad gur tháinig siad a fhad le magh mhór leathan. D’ordaigh Eatha dá mhuintir stopadh. Chruinnigh siad thart ar an chapall agus bhailigh siad a mbagáiste. Rinne siad dearmad faoin chapall agus stad sé. Níor luaithe a bhí sé ina stad ná thosaigh tobar fíoruisce ag éirí aníos faoina chosa.

“Ná bíodh eagla ar dhuine ar bith,” arsa Eatha. “Tógfaidh muid teach mór thart ar an tobar. Ní bheidh contúirt ar bith ann.” Rinne siad amhlaidh. Thóg siad teach mór agus chuir Eatha an teach faoi ghlas. Níor oscail siad an doras ach amháin nuair a bhí uisce de dhíth ar dhaoine. Bhí go maith is ní raibh go holc. Tógadh baile mór san áit. Tháinig a lán daoine agus chuaigh siad a chónaí ann. Bhí achan rud go maith.

Lá amháin tháinig bean óg le huisce a fháil. Fuair sí an t-uisce ach leis sin thosaigh an leanbh ag caoineadh. Rinne sí glan dearmad den ghlas agus d’imigh sí ina rith ar ais chuig an leanbh. Fágadh an doras oscailte. An oíche sin a rinne an dochar. Nuair a bhí achan duine ina chodladh d’éirigh an t-uisce aníos ina thuile mhór. Líonadh sráideanna na háite. Líonadh an mhagh féin agus bádh Eatha agus a mhuintir. Rinneadh loch san áit. Tugadh Loch nEathach ar an loch ó shin. Deirtear gur féidir na tithe a fheiceáil faoin loch agus an ghrian ag dul faoi oíche bhreá chiúin.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning